www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2011**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

AH111

**DÉARDAOIN 13 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh rogha **amháin**.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh an dóigh a raibh baint ag ceannairí polaitiúla Phoblacht Weimar ó 1930 go mí Eanáir 1933 le briseadh Phoblacht Weimar. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh nádúr chur in éadan agus fhrithbheartaíocht na Gearmáine i leith riailreim na Naitsithe sa tréimhse 1933–1945. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Foinse 1**
Sliocht as litir le George F. Kennan, ambasadóir Mheiriceá i mBeirlín, chuig a bhean, 21 Deireadh Fómhair 1941.

> Is é an t-athrú is mó ar an saol i mBeirlín ná Réaltaí Dháiví a bheith á gcaitheamh ag na Giúdaigh. Is rud barbarach iontach é seo. Ní dhéanfaidh mé dearmad choíche ar aghaidheanna na bpaisinéirí sa traein faoi thalamh nuair a chonaic siad na Giúdaigh agus na réaltaí móra buí fuaite ar a gcótaí acu. Bhí na Giúdaigh ina seasamh, gan de dhánacht iontu suí nó bualadh in éadan duine eile, ag stánadh díreach ar aghaidh, agus a súile mar a bheadh beithígh sceimhlithe iontu. De réir mar a fheicimse é, chuir na bearta seo uafás agus buairt ar mórchuid phobal na Gearmáine, agus trua, don chuid is mó, a bhí á léiriú ag an phobal do na híospartaigh. Tá na Giúdaigh atá fágtha á ndíbirt ina sluaite agus is beag réalta atá le feiceáil anois.

**Foinse 2**
Sliocht as alt le Josef Goebbels i nuachtán na Naitsithe *Das Reich*, 16 Samhain 1941.

> Cogadh a bhí á iarraidh ag na Giúdaigh agus sin atá acu anois. Ach is fíor don *Fuhrer* anois sa mhéid a bhí le rá aige ar 30 Eanáir 1939 i Reichstag na Gearmáine. Dúirt sé ansin, dá n-éireodh leis na Giúdaigh san airgeadas idirnáisiúnta cogadh domhanda a thosú idir na náisiúin, nach mbeadh na Boilséivigh i gceannas ar an domhan, agus bua ag na Giúdaigh dá bharr, ach go scriosfaí an chine Ghiúdach ar fud na hEorpa. Tá an tuar ag teacht faoin tairngreacht seo anois, agus cé gur cinniúint chrua atá i ndán do na Giúdaigh, tá sé tuillte go maith acu. Tá na Giúdaigh á ndíothú de réir a chéile anois. Tá gach duine de na Giúdaigh ina namhaid againn, is cuma cá háit a bhfuil sé ina chónaí, mar a bheadh seadán i mBeirlín nó ag tathlú faoi i ngeiteo Polannach.

www.xtrapapers.com

**Source 3**
Sliocht le Christopher R. Browning, *The Origins of the Final Solution*, arna foilsiú 2005.

> Ba imeacht thar a bheith tábhachtach é ionradh Hitler ar an Pholainn i mí Mheán Fómhair 1939 maidir le forbairt pholasaí na Naitsithe i leith na nGiúdach i dtreo Réiteach Deireanach. Idir briseadh amach an chogaidh in 1939 agus fómhar na bliana 1941, géaraíodh go hiontach gasta ar pholasaí na Naitsithe i leith na nGiúdach ó pholasaí na heisimirce éigeantaí a bhí ann roimh an chogadh go cinedhíothú. Bhí tús curtha cheana féin, i ndeireadh shamhradh 1941, le holl-dúnmharú na nGiúdach Sóivéideach agus sé mhí ina dhiaidh sin bhí riailréim na Naitsithe réidh leis an pholasaí seo a chur i bhfeidhm fud fad an chuid eile dá himpireacht Eorpach.

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1**. Cá húsáidí atá sé mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar iarmhairtí pholasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach sa Ghearmáin sa tréimhse 1939–1941? [13]

**(b)** Na foinsí **uilig agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas an fhírinne atá sa tuairim gur tháinig cor tábhachtach ar fhorbairt pholasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach sa tréimhse 1933–1945 nuair a bhris an cogadh amach in 1939. [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.